C/2024/783

11.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11375 — BLACKSTONE / VISTA / ENERGY EXEMPLAR)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/783)

1. An 21 Nollaig 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Blackstone Inc. (in éineacht lena ghnóthais chleamhnaithe 'Blackstone', na STÁIT AONTAITHE),

— Vista Equity Partners Management, LLC (in éineacht lena ghnóthais chleamhnaithe 'Vista', na STÁIT AONTAITHE),

— Simulation Software Holding Company Pty Ltd, ('Energy Exemplar', an Astráil), máthairchuideachta deiridh an ghrúpa cuideachtaí Energy Exemplar.

Gheobhaidh Blackstone agus Vista rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Energy Exemplar.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir malartach sócmhainní domhanda é Blackstone. Tá a cheanncheathrú aige sna Stáit Aontaithe agus tá oifigí aige san Eoraip agus san Áise.

— Is gnólacht infheistíochta atá bunaithe sna Stáit Aontaithe é Vista agus tá sé dírithe ar fhorbairt gnólachtaí sna hearnálacha a bhaineann le bogearraí fiontair, sonraí agus teicneolaíocht. Tá roinnt cuideachtaí punainne á rialú ag Vista ar cuideachtaí iad atá gníomhach i soláthar seirbhísí TF amhail soláthar bogearraí gnó.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Energy Exemplar: soláthraíonn Energy Exemplar bogearraí samhaltaithe agus anailísíochta sa mhargadh fuinnimh chun cuidiú le cinnteoireacht i bpleanáil fuinnimh, oibríochtaí agus infheistíocht dá chustaiméirí in earnálacha an leictreachais, an uisce, an gháis agus an fhuinnimh in-athnuaite. Is cuideachta Astrálach le láithreacht dhomhanda é Energy Exemplar.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11375 — BLACKSTONE / VISTA / ENERGY EXEMPLAR

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË